# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 172

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

Imleabhar 65

29 Meitheamh 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Cinneadh (AE) 2022/1022 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála (Prótacal MAC)** ..... 1

★ **Faisnéis i ndáil le teacht i bhfeidhm athnuachan an Chomhaontaithe maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin** ..... 4

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2022/1023 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le leicitin choirce a úsáid i dtáirgí cócó agus seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** (1) ..... 5

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2022/1024 ón gComhairle an 7 Aibreán 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III** ..... 9

★ **Cinneadh (AE) 2022/1025 ón gComhairle an 2 Meitheamh 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt i ndáil le leasuithe áirithe ar mhír 2 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún sin** ..... 11

(1) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (AE) 2022/1026 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme, a ghabhann le Comhaontú LEE (InvestEU)** ([1]) ........ 13

★ **Cinneadh (AE) 2022/1027 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2022 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022** ........ 18

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1028 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/355 a mhéid a bhaineann le suiteálacha áirithe sa Danmhairg, sa Fhrainc agus sa tSualainn a chuimsítear sa liosta de shuiteálacha atá faoi chumhdach chóras trádála astaíochta an Aontais a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE** *(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)4289)* ([1]) ........ 21

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1029 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le príomhshonraí i ndáil le hárthaí beaga, córais tiomána gáis peitriliam leachtaithe do bháid, luaimh agus árthaí uisce eile, agus cinneadh na huasrátála cumhachta tiomána- agus an luas ionramhála á úsáid i ndáil le hárthaí a bhfuil fad a gcabhlach idir 8 m agus 24 m** ([1]) ........ 25

GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

★ **Cinneadh Uimh. 1/2022 ón gComhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile an 13 Meitheamh 2022 lena n-ionadaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile [2022/1030]** ........ 30

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH (AE) 2022/1022 ÓN gCOMHAIRLE

**an 9 Meitheamh 2022**

**maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála (Prótacal MAC)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2), pointí (a), (c) agus (e), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas ag obair chun limistéar coiteann breithiúnach a bhunú ar phrionsabal aitheantas frithpháirteach na gcinntí breithiúnacha.

(2) Leis an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála ("Prótacal MAC"), a glacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019, cuirtear lerialachán na n-ábhar sin ar an leibhéal idirnáisiúnta ar bhealach úsáideach. Dá bhrí sin, is inmhianaithe forálacha an Phrótacal MAC sin a chur i bhfeidhm a thúisce is féidir.

(3) Bíonn tionchar ag cuid de na hábhair a ndéileáiltear leo i bPrótacal MAC ar Rialacháin (CE) Uimh. 593/2008 ([1]), (AE) Uimh. 1215/2012 ([2]) agus (AE) 2015/848 ([3]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Dá bhrí sin, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i leith na n-ábhar sin, cé nach dtagann na hábhair eile faoin inniúlacht sin.

(4) Rinne an Coimisiún caibidlíocht maidir le Prótacal MAC thar ceann an Aontais, maidir leis na codanna a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais.

(5) Foráiltear le hAirteagal XXIV(1) de Phrótacal MAC go mbeidh eagraíochtaí réigiúnacha um lánpháirtiú eacnamaíoch, a bhfuil inniúlacht acu ar ábhair áirithe atá faoi rialú ag Prótacal MAC, in ann an Prótacal sin a shíniú, glacadh leis, é a fhormheas nó aontú leis.

(6) Foráiltear le hAirteagal XXIV(2) de Phrótacal MAC, tráth sínithe, glactha, formheasta nó aontachais, go ndéanfaidh eagraíocht réigiúnach um lánpháirtiú eacnamaíoch dearbhú ina sonrófar na hábhair atá faoi rialú ag an bPrótacal sin a bhfuil inniúlacht aistrithe ina leith ag a chuid Ballstát chuig an eagraíocht sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas dearbhú den sórt sin a dhéanamh tráth sínithe Phrótacal MAC.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialacháin (CE) Uimh. 593/2008, (AE) Uimh. 1215/2012 agus (AE) 2015/848, agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

---

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008, lch. 6).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus maidir le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO L 351, 20.12.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacal MAC a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn, agus ba cheart an Dearbhú atá i gceangal a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú an Phrótacail a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála (Prótacal MAC), a glacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019, thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ([4]).

*Airteagal 2*

Na Dearbhuithe atá i gceangal leis an gCinneadh seo, déanfar iad a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi réir cinneadh maidir le cur i gcrích Prótacal MAC a ghlacadh ag céim níos déanaí.

*Airteagal 3*

Údaraítear leis seo d'Uachtarán na Comhairle an duine nó na daoine a chumhachtófar chun Prótacal MAC a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an choinníll atá leagtha amach in Airteagal 4, a ainmniú.

*Airteagal 4*

Agus Prótacal MAC á shíniú ag an Aontas, déanfaidh sé an dearbhú atá i gceangal leis an gCinneadh seo i gcomhréir le hAirteagal XXIV (2) de Phrótacal MAC.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 9 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
É. DUPOND-MORETTI

---

([4]) Foilseofar téacs an Phrótacail MAC in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

**Dearbhú de bhun Airteagal XXIV(2) a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar ábhair atá faoi rialú ag an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála (Prótacal MAC), a glacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019, ábhair ar aistrigh na Ballstáit inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach**

1. Foráiltear le hAirteagal XXIV(1) den Phrótacal MAC go bhféadfaidh eagraíochtaí réigiúnacha um chomhtháthú eacnamaíochta, eagraíochtaí atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht acu ar ábhair áirithe atá faoi rialú ag Prótacal MAC, é a shíniú ar choinníoll go ndéanfaidh siad an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal XXIV(2). Tá cinneadh déanta ag an Aontas Eorpach Prótacal MAC a shíniú agus, dá réir sin, tá an dearbhú sin á dhéanamh aige.

2. Is iad na tíortha seo a leanas Ballstáit reatha an Aontais Eorpaigh: Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

3. Ní bheidh an dearbhú seo infheidhme, áfach, maidir le Ríocht na Danmhairge, i gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal 22 maidir le seasamh na Danmhairge, i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. Níl an dearbhú seo infheidhme maidir le críocha na mBallstát nach bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iontu agus tá sé gan dochar do cibé gníomhartha nó seasaimh a fhéadfaidh na Ballstáit i dtrácht a ghlacadh faoin bPrótacal MAC thar ceann na gcríoch sin agus ar mhaithe leo.

5. I leith ábhair atá faoi rialú Phrótacal MAC, d'fheidhmigh an tAontas Eorpach a inniúlacht trí Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála ([1]) (Airteagal IX de Phrótacal MAC '*Modhnú ar fhorálacha maidir le faoiseamh ar feitheamh cinneadh críochnaitheach*'), Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta ([2]) (Airteagal X de Phrótacal MAC - '*Leigheasanna ar an Dócmhainneacht*' agus Airteagal XI de Phrótacal MAC - '*Cúnamh Dócmhainneachta*') agus Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) ([3]) (Airteagal VI de Phrótacal MAC - '*Rogha dlí*') a ghlacadh.

6. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is rud é a dtarlódh dó ó nádúr a bheith ag forbairt leis go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a ghlacadh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Forchoimeádann an tAontas Eorpach, dá bhrí sin, an ceart an dearbhú seo a leasú dá réir sin, gan é sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú ag Prótacal MAC.

---

([1]) IO L 351, 20.12.2012, lch. 1.
([2]) IO L 141, 5.6.2015, lch. 19.
([3]) IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

**Faisnéis i ndáil le teacht i bhfeidhm athnuachan an Chomhaontaithe maidir le hathnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin**

Tá athnuachan an Chomhaontaithe le haghaidh comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin, a síníodh an 4 Iúil 2002 ([1]) agus a rinneadh a athnuachan in 2003 ([2]), 2011 ([3]), 2015 ([4]) agus 2020 ([5]), tar éis teacht i bhfeidhm an 17 Meitheamh 2020, i gcomhréir le hAirteagal 12(a) de. Beidh éifeacht le hathnuachan an Chomhaontaithe go ceann tréimhse eile 5 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 12(b) de, amhail ón 8 Samhain 2019.

---

([1]) IO L 36, 12.2.2003, lch. 31.
([2]) IO L 267, 17.10.2003, lch. 24.
([3]) IO L 79, 25.3.2011, lch. 3.
([4]) IO L 60, 4.3.2015, lch. 37.
([5]) IO L 193, 17.6.2020, lch. 1.

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2022/1023 ÓN gCOIMISIÚN

**an 28 Meitheamh 2022**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le leicitin choirce a úsáid i dtáirgí cócó agus seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia ([1]), agus go háirithe Airteagail 10(3) agus 14 de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 lena mbunaítear nós imeachta comhchoiteann údaraithe maidir le breiseáin bia, maidir le heinsímí bia agus maidir le blastáin bia ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 liosta an Aontais de na breiseáin bia atá formheasta le húsáid i mbia agus coinníollacha a n-úsáide.

(2) Ní fhéadfar ach breiseáin bia a áirítear ar liosta an Aontais atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 a chur ar an margadh mar bhreiseáin bia agus a úsáid i mbianna faoi na coinníollacha úsáide a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.

(4) Féadfar liosta an Aontais agus na sonraíochtaí a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an nós imeachta comhchoiteann dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008, ar thionscnamh an Choimisiúin nó tar éis iarratas a fháil.

(5) An 25 Eanáir 2018, cuireadh iarratas isteach maidir le húdarú a fháil chun leicitin choirce a úsáid mar bhreiseán bia i gcatagóir bia 5.1 "Táirgí Cócó agus Seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE" ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) i gCuid E d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008, ar uasleibhéal 20 000 mg/kg. Cuireadh an t-iarratas sin ar fáil do na Ballstáit sin ina dhiaidh sin de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1331/2008.

([1]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 16.
([2]) IO L 354, 31.12.2008, lch. 1.
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí na mbreiseán bia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1).
([4]) Treoir 2000/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2000 maidir le táirgí cócó agus seacláide a ceapadh lena gcaitheamh ag an duine (IO L 197, 3.8.2000, lch. 19).

(6) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") meastóireacht ar shábháilteacht na leicitine coirce mar bhreiseán bia agus, ina thuairim ([5]) an 10 Nollaig 2019, tháinig sé ar an gconclúid nach bhfuil aon ábhar imní ann ó thaobh na sábháilteachta de maidir le leicitin choirce a úsáid mar bhreiseán bia le haghaidh na húsáide agus na leibhéal úsáide atá beartaithe.

(7) Is ola choirce chodánaithe í leicitin choirce, a fheidhmíonn mar eiblitheoir agus lena n-éascaítear monarú táirgí cócó agus seacláide trí shlaodacht agus luach táirgeachta táirgí seacláide a laghdú. Leis sin, is féidir seacláid leáite a phumpáil go héasca le linn na próiseála. Thairis sin, leis an leicitin choirce, cuirtear cosc ar bhlás saille, ar smúiteán scothliath é, a fhorbairt ar dhromchla na dtáirgí le linn a stórála..

(8) Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid na leicitine coirce mar eiblitheoir a údarú i gcatagóir bia "táirgí cócó agus seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE", ar uasleibhéal úsáide 20 000 mg/kg, agus E 222a a shannadh mar E-uimhir don bhreiseán sin.

(9) Ba cheart sonraíochtaí na leicitine coirce (E 222a) a áireamh i Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, toisc go n-áirítear é i liosta an Aontais de bhreiseáin bia a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 den chéad uair.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 a leasú dá réir.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

---

([5]) EFSA Journal [*Iris EPSA*] 2020;18(1):5969.

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

(1) i gCuid B, pointe 3 "Breiseáin bia seachas dathanna agus milsitheoirí", cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh bhreiseán bia E 322:

| | |
|---|---|
| "E 322a | Leicitin choirce" |

(2) i gCuid E, i gcatagóir bia 5.1 "Táirgí Cócó agus Seacláide mar a chumhdaítear le Treoir 2000/36/CE", cuirtear an iontráil nua seo a leanas isteach le haghaidh "Leicitin choirce" i ndiaidh na hiontrála le haghaidh E 322:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | "E 322a | Leicitin choirce | 20 000" | | | |

*IARSCRÍBHINN II*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 231/2012, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála le haghaidh bhreiseán bia E 322:

“**E 322a LEICITIN CHOIRCE**

| | |
|---|---|
| **Comhchiallaigh** | Ola choirce chodánaithe |
| **Sainmhíniú** | Is ola choirce chodánaithe í leicitin choirce a bhfuil lipidí polacha go flúirseach inti, go príomha galachtó-lipidí. Táirgtear leicitin choirce ó eithní coirce de ghrád bia a chriathraítear agus a úsctar trí eatanól a úsáid ar theocht ardaithe chun úsc lipide amhola a tháirgeadh. Déantar galú agus scagachán ilchéimneach ar an úsc amhola sin, próiseas as a dtáirgtear amhola choirce, ar amhola í a dheighltear, a ghalaítear agus a ndéantar scagachán uirthi chun leicitin choirce a tháirgeadh.<br><br>Ní fhéadfar ach eatanól a úsáid san úscadh mar thuaslagóir úsctha. |
| Einecs | 281-672-4 |
| Measúnacht | Nach lú ná 30 % de lipidí polacha atá dothuaslagtha in aicéatón |
| **Tuairisc** | Leacht slaodach buídhonn |
| **Sainaithint** | |
| Coilín | Nach mó ná 2 g/100 g |
| Fosfar | Nach lú ná 0,5 % |
| Lipidí polacha | Nach lú ná 35 % w/w |
| Lipidí neodracha | 55–65 % w/w |
| Sáithithe | 17-20 % w/w |
| Monai-neamhsháithithe | 38-42 % w/w |
| Polai-neamhsháithithe | 38-42 % w/w |
| **Íonacht** | |
| Caillteanas de bharr triomaithe | Nach mó ná 2 % |
| Ábhar atá dothuaslagtha i dtolúéin | Nach mó ná 1 % w/w |
| Luach aigéid | Nach mó ná 30 mg KOH/g |
| Luach sárocsaíde | níos lú ná 10 meq O2/kg saill |
| Fuíll tuaslagacha | Eatanól: nach mó ná 300 mg/kg |
| Arsanaic | Nach mó ná 0,1 mg/kg |
| Luaidhe | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| Mearcair | Nach mó ná 0,02 mg/kg |
| Caidmiam | Nach mó ná 0,05 mg/kg |
| **Critéir mhicribhitheolaíocha** | |
| Áireamh coilíneachtaí aeróbacha | Nach mó ná 1 000 CFU/g |
| Giosta | Nach mó ná 100 CFU/g |
| Múscáin | Nach mó ná 100 CFU/g |
| Enterobacteriaceae | Nach mó ná 10 CFU/g |
| Spóir aeróbacha | Nach mó ná 1 CFU/g |
| **Eile** | |
| Glútan | Nach mó ná 20 mg/kg” |

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/1024 ÓN gCOMHAIRLE

**an 7 Aibreán 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag Comhdháil na bPáirtithe a ghabhann le Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) agus 207(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta ("an Coinbhinsiún") i bhfeidhm an 24 Feabhra 2004 agus tugadh i gcrích é thar ceann an Aontais le Cinneadh 2006/730/CE ón gComhairle ([1]).

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme san Aontas ([2]).

(3) De bhun Airteagal 7 den Choinbhinsiún, is féidir le Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ceimiceáin a liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

(4) Ag a 10ú cruinniú, meastar go bhfuil Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún cinntí maidir le tuilleadh ceimiceán a liostú in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a ghlacadh.

(5) Chun a áirithiú go bhfaigheann na Páirtithe allmhairiúcháin tairbhe na cosanta arna tabhairt ag an gCoinbhinsiún, agus toisc go bhfuil na critéir ábhartha uile faoin gCoinbhinsiún comhlíonta, is gá agus is iomchuí tacú leis na moltaí ón gCoiste Athbhreithnithe Ceimiceán faoin gCoinbhinsiún a mhéid a bhaineann le haicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión, foirmlíochtaí leachtacha áirithe ina bhfuil déchlóiríd pharaquait nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a áireamh in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Tá toirmeasc nó diansrian cheana ar úsáid na gceimiceán sin laistigh den Aontas agus, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 649/2012, tá formhór na gceimiceán sin faoi réir ceanglais onnmhairiúcháin a théann thar a gceanglaítear faoin gCoinbhinsiún.

(6) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Coinbhinsiún, is iomchuí é a bhunú, toisc go mbeidh na leasuithe sin ina gceangal ar an Aontas,

---

([1]) Cinneadh 2006/730/CE ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Choinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh Ceimiceáin agus Lotnaidicídí Guaiseacha áirithe sa Trádáil Idirnáisiúnta (IO L 299, 28.10.2006, lch. 23).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 649/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le ceimiceáin ghuaiseacha a onnmhairiú agus a allmhairiú (IO L 201, 27.7.2012, lch. 60).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Rotterdam ar an Nós Imeachta i dtaobh Toiliú Feasach a chur in iúl roimh ré le haghaidh ceimiceáin agus lotnaidicídí guaiseacha áirithe sa trádáil idirnáisiúnta, tacú leis an leasú ar Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a mhéid a bhaineann le haicéiteaclór, carbasulfán, aispeist chrisitíle, éitear deacabrómaidhéfheinile, feintión (foirmlíochtaí toirte ultra-ísle (ULV) ag 640 g comhábhar gníomhach/L nó os a chionn sin), foirmlíochtaí leachtacha (tiúchán ineiblithe agus tiúchán intuaslagtha) ina bhfuil déchlóiríd pharaquait ag 276 g/L nó os a chionn sin, atá comhfhreagrach le hian paraquait ag 200 g/L nó os a chionn sin, agus aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara a áireamh.

*Airteagal 2*

Féadafaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair, gan aon chinneadh eile ón gComhairle, mionchoigeartuithe ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a chomhaontú, i bhfianaise na bhforbairtí ag an 10ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Aibreán 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. DENORMANDIE

# CINNEADH (AE) 2022/1025 ÓN gCOMHAIRLE

## an 2 Meitheamh 2022

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt i ndáil le leasuithe áirithe ar mhír 2 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ("an Coinbhinsiún") i bhfeidhm in 1992 agus thug an tAontas i gcrích é trí bhíthin Chinneadh 93/98/CEE ón gComhairle ([1]).

(2) De bhun an Choinbhinsiúin, tá Comhdháil na bPáirtithe le leasuithe ar an gCoinbhinsiún a mheas agus a ghlacadh, de réir mar is gá. Is ag cruinniú de chuid Chomhdháil na bPáirtithe a ndéanfar leasuithe ar an gCoinbhinsiún a ghlacadh.

(3) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 17 den Choinbhinsiún, ag an 15ú cruinniú a bheidh aici i mí an Mheithimh 2022, tá Comhdháil na bPáirtithe chun an togra ó Chónaidhm na Rúise a mheas maidir le mír 2 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún a leasú. Is é is aidhm don togra sin teorainn ama 30 lá a bhunú ar laistigh di a thabharfaidh Stát allmhairiúcháin freagra ar an bhfógróir maidir le loingsiú dramhaíola, agus cuimsítear sa togra sin athrú amháin eile a chuirtear i láthair mar athrú eagarthóireachta.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe a bhunú i leith an togra ó Chónaidhm na Rúise, ós rud é go mbeadh an leasú sin ina cheangal ar an Aontas agus go ndéanfadh sé difear do dhlí an Aontais, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(5) Níor cheart don Aontas tacú leis an togra ó Chónaidhm na Rúise maidir le mír 2 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún a leasú. Dá ndéanfaí amhlaidh, bheadh próiseas fada dian caibidlíochta riachtanach agus thógadh sé tamall fada sula dtiocfadh leasú den sórt sin i bhfeidhm. Is léir go mbeadh sé díréireach tús a chur le próiseas den sórt sin, ós rud é go bhféadfaí cuspóirí an togra a bhaint amach ar mhodhanna eile. Ina ionad sin, ba cheart don Aontas a bheith oscailte do thionscnaimh a cheaptar chun feabhas a chur ar an nós imeachta i dtaobh toiliú feasach a chur in iúl roimh ré, agus ba cheart dó tionscnaimh den sórt sin, a leagtar amach in Airteagal 6 den Choinbhinsiún, a chur ar aghaidh nó gníomhú ina leith, ar choinníoll go mbeidh raon feidhme níos leithne ag na tionscnaimh sin ná mar atá ag an togra a chuir Cónaidhm na Rúise faoi bhráid an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe, go bhfuil siad i gcomhréir le beartais agus cuspóirí leathana an Aontais agus nach n-éilítear leasú ar an gCoinbhinsiún leo,

([1]) Cinneadh 93/98/CEE ón gComhairle an 1 Feabhra 1993 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail, an Choinbhinsiúin maidir le rialú gluaiseachtaí trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus a ndiúscairt (Coinbhinsiún Basel) (IO L 39, 16.2.1993, lch. 1).

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le loingsithe dramhaíola (IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt, gan tacú leis an togra ó Chónaidhm na Rúise chun mír 2 d'Airteagal 6 den Choinbhinsiún a leasú.

2. Cuirfidh an tAontas tionscnamh ar aghaidh, nó tacóidh sé le tionscnaimh ó Pháirtithe eile sa Choinbhinsiún, chun feidhmiú an nós imeachta i dtaobh "toiliú feasach a chur in iúl roimh ré", a leagtar amach in Airteagal 6 den Choinbhinsiún, a fheabhsú, ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir le tionscnaimh den sórt sin:

(a) go bhfuil siad ceaptha chun feabhas a chur ar fheidhmiú an nós imeachta i dtaobh "toiliú feasach a chur in iúl roimh ré", trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna agus fadhbanna a fhearann ar Stáit onnmhairiúcháin, allmhairiúcháin nó idirthurais ó thaobh fógraí a láimhseáil agus trí thacú le digiteáil an nós imeachta sin, chun gur féidir gluaiseachtaí dramhaíolacha atá i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún a dhéanamh thar theorainneacha gan moill mhíchuí;

(b) nach n-éilítear leo an Coinbhinsiún a leasú;

(c) go rannchuidíonn siad le dramhaíl a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus leis an aistriú i dtreo geilleagair chiorclaigh dhomhanda; agus

(d) go rannchuidíonn siad le cur chun feidhme cuí na sásraí rialaithe a leagtar síos sa Choinbhinsiún agus le deimhneacht dhlíthiúil ina leith sin.

*Airteagal 2*

I bhfianaise na bhforbairtí a dhéanfar ag an 15ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, féadfaidh ionadaithe an Aontais i gcomhairle leis na Ballstáit an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, mír 2, den Chinneadh seo a mhionchoigeartú le linn cruinnithe comhordaithe a bheidh ar siúl ar an láthair, gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 2 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. DE MONTCHALIN

**CINNEADH (AE) 2022/1026 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 21 Meitheamh 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme, a ghabhann le Comhaontú LEE (InvestEU)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173 agus Airteagal 175, an tríú mír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE arna bhunú le Comhaontú LEE ("Comhchoiste LEE") a chinneadh leasú a dhéanamh ar, *inter alia*, Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse ("Prótacal 31") agus ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme ("Prótacal 32"), a ghabhann le Comhaontú LEE.

(3) Tá Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 31 agus Prótacal 32 a leasú dá réir.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 a chur chun feidhme, a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
C. BEAUNE

**DRÉACHT**

**CINNEADH Uimh. […] Ó CHOMHCHOISTE LEE**

**an […]**

**lena leasaítear Prótacal 31 (comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) agus Prótacal 32 (módúlachtaí airgeadais maidir le hAirteagal 82 a chur chun feidhme) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagail 86 agus 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí comhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE a leathnú chun Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021, lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 ([1]), a chumhdach.

(2) De bhun Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/523, ceadaítear ranníocaíochtaí le ráthaíocht AE ó Stáit CSTE, chun críche rannpháirtíochta i dtáirgí airgeadais áirithe faoi urrann AE de Chiste InvestEU. Féadfaidh ráthaíocht chomhuaineach lena gcumhdófar an dliteanas teagmhasach faoi seach i ndáil le ráthaíocht AE a bheith ag gabháil le ranníocaíochtaí Stáit CSTE le soláthar ráthaíocht AE. De rogha air sin, féadfaidh siad an ranníocaíocht iomlán do Chiste InvestEU a sholáthar in airgead tirim.

(3) I gComhaontú LEE agus go háirithe in Airteagal 81 de, leagtar amach coinníollacha maidir le rannpháirtíocht Stáit CSTE agus rannpháirtíocht a n-institiúidí, a ngnóthas, a n-eagraíochtaí agus a náisiúnach i gcláir an Aontais Eorpaigh.

(4) Maidir le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 ([2]), leithdháiltear ioncam sannta seachtrach breise ar an gClár InvestEU arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523. I bPrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais maidir le hAirteagal 82 de Chomhaontú LEE a chur chun feidhme, is iomchuí a shoiléiriú, chun críche ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE a ríomh, gur cheart an bonn atá leis an ríomh a mhéadú trí leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle i ndáil lena rannpháirtíocht sa chlár sin.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Prótacail 31 agus 32 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin chun go mbeidh an comhar leathnaithe sin in ann a bheith ann ón 1 Eanáir 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear an tAirteagal seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 19 (Laghdú ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta) de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE:

"*Airteagal 20*

**Feabhas a chur ar an iomaíochas agus ar an gcóineasú socheacnamaíoch agus ar an gcomhtháthú faoin gClár InvestEU**

1. Beidh Stáit CSTE rannpháirteach, amhail ón 1 Eanáir 2022, sna gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh teacht as an ngníomh seo a leanas de chuid an Aontais:

([1]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.
([2]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.

— **32021 R 0523**: Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO L 107, 26.3.2021, lch. 30).

2. Ní bheidh Stáit CSTE rannpháirteach i Mol Comhairleach InvestEU.

3. Féadfaidh Stáit CSTE rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh i dtáirge airgeadais amháin nó níos mó faoi urrann an Aontais de Chiste InvestEU. Beidh ranníocaíocht Stáit CSTE bunaithe ar phróifíl riosca na dtáirgí airgeadais ina roghnaíonn siad a bheith rannpháirteach. Méadóidh ranníocaíocht na Stát CSTE ráthaíocht AE.

4. Chun críche ranníocaíocht airgeadais Stáit CSTE le Ciste InvestEU a ríomh, ní bheidh feidhm ag an bhfachtóir comhréireachta a leagtar síos in Airteagal 82(1) de Chomhaontú LEE maidir le línte buiséid. I gcomhréir le hAirteagal 8 de Phrótacal 32, déanfaidh Stáit CSTE comhaontuithe ranníocaíochta leis an Aontas a mbeidh an Coimisiún ina ionadaí dó. Leis na comhaontuithe ranníocaíochta, bunófar méideanna ranníocaíocht airgeadais Stáit CSTE le ráthaíocht AE, leagfar síos téarmaí agus coinníollacha maidir le húsáid na ranníocaíochta sin, bunófar minicíocht agus méideanna íocaíocht na ranníocaíochta agus bunófar rialacha maidir le cistí agus ioncaim nár úsáideadh a aisíoc le Stáit CSTE.

5. Nuair nach bhfuil ranníocaíocht Stáit CSTE le ráthaíocht AE ag cur soláthar iomlán in airgead tirim ar fáil, i.e. socraítear an soláthar ag ráta níos lú ná 100 %, geallfaidh Stáit CSTE an dliteanas teagmhasach faoi seach a chumhdach le ráthaíocht chomhuaineach neamh-inchúlghairthe, neamhchoinníollach agus ar éileamh. Cuirfear an ráthaíocht chomhuaineach ar fáil i gcomhthráth le síniú comhaontaithe ranníocaíochta.

6. Díolmhófar Lichtinstéin ó bheith rannpháirteach sa chlár seo agus ón ranníocaíocht airgeadais a bhaineann leis."

*Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs Airteagal 1(10) de Phrótacal 32 a ghabhann le Comhaontú LEE:

"10. Chun an ranníocaíocht oibríochtúil de bhun Airteagal 82(a) agus (b) den Chomhaontú a ríomh, maidir leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe íocaíochta a iontráladh i mbuiséad an Aontais Eorpaigh a glacadh go cinntitheach do na blianta is infheidhme maidir leis na cláir seo a leanas a mhaoiniú: Clár Fís Eorpach (arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), Clár InvestEU (arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) agus an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (arna rialú le Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle), déanfar na leithreasuithe sin a mhéadú leis na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach a shanntar do na gníomhaíochtaí sin faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 ([3])."

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23.
(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ….

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Chomhchoiste LEE* | *Rúnaithe* |
| *An tUachtarán* | *Chomhchoiste LEE* |

**CINNEADH (AE) 2022/1027 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 28 Meitheamh 2022**

**maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, lena n-áirítear an dara tráthchuid le haghaidh 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú Inmheánach idir Ionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le maoiniú na cabhrach ón Aontas Eorpach faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na tréimhse 2014 go 2020, i gcomhréir le Comhaontú Comhpháirtíochta ACC-AE, agus maidir le leithdháileadh an chúnaimh airgeadais ar Thíortha agus ar Chríocha Thar Lear lena mbaineann Cuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2) i gcomhar le hAirteagal 14(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2015/323 ([2]), agus go háirithe Airteagal 19(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 19 go 22 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Coimisiún Eorpach le togra a chur i láthair faoin 15 Meitheamh 2022 lena leagtar amach méid an dara tráthchuid den ranníocaíocht le haghaidh 2022 agus méid bliantúil athbhreithnithe na ranníocaíochta le haghaidh 2022, i gcás nach mbeidh an méid ag teacht leis na riachtanais iarbhír.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (AE) 2018/1877, tá an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI) le meastacháin nuashonraithe ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí faoi na hionstraimí a bhainistíonn sé a sheoladh chuig an gCoimisiún.

(3) De bhun Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2018/1877, foráiltear go n-ídeofar ar dtús, agus glaonna á ndéanamh ar ranníocaíochtaí, na méideanna dá bhforáiltear i gCistí Eorpacha Forbraíochta roimh an gCiste Eorpach Forbraíochta reatha. Dá bhrí sin, ba cheart glao ar chistí de bhun Rialachán (AE) 2018/1877 a dhéanamh le haghaidh an Choimisiúin agus le haghaidh BEI.

(4) De bhun Airteagal 152 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), tá Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an 'Ríocht Aontaithe') chun leanúint de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta ('CEF') go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh. Mar sin féin, de bhun Airteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, níl sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF i gcás ina ndearnadh na cistí sin a shaoradh tar éis an 31 Nollaig 2020 nó faoi CEFanna roimhe sin le hathúsáid.

(5) Le Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle ([4]), socraítear méid bliantúil ranníocaíochta CEF na mBallstát le haghaidh 2022 ag EUR 2 500 000 000 le haghaidh an Choimisiúin agus ag EUR 300 000 000 le haghaidh BEI.

(6) Chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L 210, 6.8.2013, lch. 1

([2]) IO L 307, 3.12.2018, p. 1.

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

([4]) Cinneadh (AE) 2021/1941 ón gComhairle an 9 Samhain 2021 maidir leis na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta chun an Ciste sin a mhaoiniú, lena n-áirítear an uasteorainn le haghaidh 2023, an méid bliantúil le haghaidh 2022, méid na chéad tráthchoda le haghaidh 2022 agus réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach i dtaca leis na méideanna bliantúla a mheastar a bheidh sna ranníocaíochtaí le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 (IO L 396, 10.11.2021, lch. 61).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Íocfaidh na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta ranníocaíochtaí aonair CEF leis an gCoimisiún agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar an dara tráthchuid le haghaidh 2022, i gcomhréir leis an Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. PANNIER-RUNACHER

*IARSCRÍBHINN*

| NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE | Scála 11ú CEF % | 2ú tráthchuid 2022 (EUR) | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | | an Coimisiún 11ú CEF | BEI 11ú CEF | |
| AN BHEILG | 3,24927 | 25 994 160,00 | 3 249 270,00 | 29 243 430,00 |
| AN BHULGÁIR | 0,21853 | 1 748 240,00 | 218 530,00 | 1 966 770,00 |
| AN tSEICIA | 0,79745 | 6 379 600,00 | 797 450,00 | 7 177 050,00 |
| AN DANMHAIRG | 1,98045 | 15 843 600,00 | 1 980 450,00 | 17 824 050,00 |
| AN GHEARMÁIN | 20,57980 | 164 638 400,00 | 20 579 800,00 | 185 218 200,00 |
| AN EASTÓIN | 0,08635 | 690 800,00 | 86 350,00 | 777 150,00 |
| ÉIRE | 0,94006 | 7 520 480,00 | 940 060,00 | 8 460 540,00 |
| AN GHRÉIG | 1,50735 | 12 058 800,00 | 1 507 350,00 | 13 566 150,00 |
| AN SPÁINN | 7,93248 | 63 459 840,00 | 7 932 480,00 | 71 392 320,00 |
| AN FHRAINC | 17,81269 | 142 501 520,00 | 17 812 690,00 | 160 314 210,00 |
| AN CHRÓIT | 0,22518 | 1 801 440,00 | 225 180,00 | 2 026 620,00 |
| AN IODÁIL | 12,53009 | 100 240 720,00 | 12 530 090,00 | 112 770 810,00 |
| AN CHIPIR | 0,11162 | 892 960,00 | 111 620,00 | 1 004 580,00 |
| AN LAITVIA | 0,11612 | 928 960,00 | 116 120,00 | 1 045 080,00 |
| AN LIOTUÁIN | 0,18077 | 1 446 160,00 | 180 770,00 | 1 626 930,00 |
| LUCSAMBURG | 0,25509 | 2 040 720,00 | 255 090,00 | 2 295 810,00 |
| AN UNGÁIR | 0,61456 | 4 916 480,00 | 614 560,00 | 5 531 040,00 |
| MÁLTA | 0,03801 | 304 080,00 | 38 010,00 | 342 090,00 |
| AN ÍSILTÍR | 4,77678 | 38 214 240,00 | 4 776 780,00 | 42 991 020,00 |
| AN OSTAIR | 2,39757 | 19 180 560,00 | 2 397 570,00 | 21 578 130,00 |
| AN PHOLAINN | 2,00734 | 16 058 720,00 | 2 007 340,00 | 18 066 060,00 |
| AN PHORTAINGÉIL | 1,19679 | 9 574 320,00 | 1 196 790,00 | 10 771 110,00 |
| AN RÓMÁIN | 0,71815 | 5 745 200,00 | 718 150,00 | 6 463 350,00 |
| AN tSLÓIVÉIN | 0,22452 | 1 796 160,00 | 224 520,00 | 2 020 680,00 |
| AN tSLÓVAIC | 0,37616 | 3 009 280,00 | 376 160,00 | 3 385 440,00 |
| AN FHIONLAINN | 1,50909 | 12 072 720,00 | 1 509 090,00 | 13 581 810,00 |
| AN tSUALAINN | 2,93911 | 23 512 880,00 | 2 939 110,00 | 26 451 990,00 |
| AN RÍOCHT AONTAITHE | 14,67862 | 117 428 960,00 | 14 678 620,00 | 132 107 580,00 |
| IOMLÁN - AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE | 100,00 | 800 000 000,00 | 100 000 000,00 | 900 000 000,00 |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1028 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Meitheamh 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/355 a mhéid a bhaineann le suiteálacha áirithe sa Danmhairg, sa Fhrainc agus sa tSualainn a chuimsítear sa liosta de shuiteálacha atá faoi chumhdach chóras trádála astaíochta an Aontais a leagtar síos i dTreoir 2003/87/CE**

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022)4289)*

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis do na Ballstáit a mBearta Náisiúnta Trasuite (NIManna) a thíolacadh, ghlac an Coimisiún Cinneadh (AE) 2021/355 ([2]) maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa. Leis an gCinneadh sin, diúltaítear suiteálacha áirithe agus a sonraí comhfhreagracha a inscríobh ar liostaí na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, agus ar an gcaoi sin déantar iad a eisiamh ó raon feidhme chóras trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE).

(2) Rinneadh suiteálacha a úsáideann bithmhais go heisiach a eisiamh ó CTA AE, i gcomhréir le mír 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE. Tugadh an fhoráil sin isteach sa Treoir maidir le Trádáil Astaíochtaí le Treoir 2009/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus ó cuireadh i bhfeidhm í an 1 Eanáir 2013 rinne sí raon feidhme nua a chinneadh le haghaidh CTA AE. Dá bhrí sin, i dtaca le hinscríobh na suiteálacha a d'úsáid bithmhais go heisiach le haghaidh gach bliain den tréimhse bhonnlíne, tá an t-inscríobh sin le diúltú d'ainneoin iad a bheith liostaithe i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE.

(3) Cuireadh in iúl don Choimisiún go ndearna an tSualainn an tsuiteáil SE-207651 a áireamh ina cuid NIManna go hearráideach. Úsáideann an tsuiteáil sin bithmhais go heisiach agus ar an gcúis sin ba cheart í a eisiamh an uair sin ó raon feidhme CTA AE.

(4) Tar éis iarratas a fháil ón gCoimisiún, dheimhnigh an Danmhairg nach raibh astaíochtaí iontaise ar bith ag suiteálacha DK-65, DK-66 ná DK-135 le linn na tréimhse bonnlíne 2014-2018. Úsáideann na suiteálacha sin bithmhais go heisiach agus ba cheart iad sin freisin a eisiamh an uair sin ó raon feidhme CTA AE.

(5) Dá bhrí sin, i dtaca le hinscríobh na suiteálacha DK-65, DK-66, DK-135 agus SE-207651 ar liostaí na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, is iomchuí an t-inscríobh sin a dhiúltú le haghaidh gach bliain den tréimhse bhonnlíne, lena n-áirítear na cásanna inar liostaíodh iad i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir 2003/87/CE.

---

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 68, 26.2.2021, lch. 221).

([3]) Treoir 2009/29/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun an scéim ón gComhphobal i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa a fheabhsú agus a shíneadh (IO L 140, 5.6.2009, lch. 63).

(6) Tar éis di iarratas ar shoiléiriú a fháil ón gCoimisiún, chuir an Fhrainc in iúl don Choimisiún, i dtaca le dhá shuiteáil sa tír sin, FR-206164 agus FR-206032, nach dtáirgtear iontu ach polaiméirí. Astaíochtaí $CO_2$ díreacha nialasacha atá ag an dá shuiteáil ós rud é go ndéanann siad an teas is gá le haghaidh an táirgthe a allmhairiú ó shuiteáil CTA AE eile. Sa bhreithiúnas i gCás C-577/16 ([4]), chinn an Chúirt Bhreithiúnais, maidir le suiteáil le haghaidh polaiméirí a tháirgeadh a fhaigheann an teas is gá le haghaidh an táirgthe sin ó shuiteáil tríú páirtí, nach dtagann an tsuiteáil sin faoi raon feidhme CTA AE, ós rud é nach ngineann sí astaíochtaí $CO_2$ díreacha. Dá bhrí sin, i dtaca le hinscríobh na suiteálacha sin ar liostaí na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, ba cheart an t-inscríobh sin a dhiúltú.

(7) Dá bhrí sin ba cheart Cinneadh (AE) 2021/355 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear isteach an mhír 6 seo a leanas:

"6. I dtaca le hinscríobh na suiteálacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo a áirítear ar liosta na suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE agus i dtaca leis na sonraí comhfhreagracha maidir le leithdháiltí saor in aisce ar na suiteálacha sin, arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 11(1) den Treoir sin, diúltaítear iad.";

(2) An téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear an téacs sin in ionad Iarscríbhinn I;

(3) An téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirtear an téacs sin isteach mar Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 2*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Frans TIMMERMANS
*Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin*

---

([4]) Cinneadh na Cúirte Breithiúnais an 28 Feabhra 2018, *Trinseo Deutschland Anlagengesellschaft mbH* v *Bundesrepublik Deutschland*, C-577/16, ECLI:EU:C:2018:127.

*IARSCRÍBHINN I*

*"IARSCRÍBHINN I*

**Suiteálacha a úsáideann bithmhais go heisiach**

Aitheantóir suiteálacha i liostaí na mbeart náisiúnta trasuite

| | | | |
|---|---|---|---|
| DK000000000000065 | DK000000000000066 | DK000000000000135 | |
| FI000000000000645 | FI000000000207696 | | |
| SE000000000000031 | SE000000000000064 | SE000000000000073 | SE000000000000074 |
| SE000000000000086 | SE000000000000088 | SE000000000000099 | SE000000000000102 |
| SE000000000000169 | SE000000000000186 | SE000000000000199 | SE000000000000205 |
| SE000000000000211 | SE000000000000249 | SE000000000000261 | SE000000000000319 |
| SE000000000000320 | SE000000000000324 | SE000000000000382 | SE000000000000468 |
| SE000000000000523 | SE000000000000543 | SE000000000000547 | SE000000000000565 |
| SE000000000000583 | SE000000000000629 | SE000000000000659 | SE000000000000681 |
| SE000000000000686 | SE000000000000687 | SE000000000000705 | SE000000000000785 |
| SE000000000000789 | SE000000000000798 | SE000000000000830 | SE000000000000838 |
| SE000000000000845 | SE000000000000847 | SE000000000202297 | SE000000000205800 |
| SE000000000205887 | SE000000000206192 | SE000000000208282 | SE000000000209062 |
| SE000000000209930 | SE000000000211058 | SE000000000000153 | SE000000000000231" |
| SE000000000000779 | SE000000000207651 | | |

*IARSCRÍBHINN II*

*"IARSCRÍBHINN IV*

**Suiteálacha ina dtáirgtear polaiméirí agus a allmhairíonn teas, ag a bhfuil astaíochtaí díreacha $CO_2$ nialasacha**

| Aitheantóir suiteálacha i liosta na mbeart náisiúnta trasuite |
| --- |
| FR000000000206164 |
| FR000000000206032" |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1029 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28 Meitheamh 2022**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le príomhshonraí i ndáil le hárthaí beaga, córais tiomána gáis peitriliam leachtaithe do bháid, luaimh agus árthaí uisce eile, agus cinneadh na huasrátála cumhachta tiomána- agus an luas ionramhála á úsáid i ndáil le hárthaí a bhfuil fad a gcabhlach idir 8 m agus 24 m**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), táirgí atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna de chaighdeáin chomhchuibhithe, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis gur táirgí iad atá i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh, ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus athbhreithniú chun tacú le Treoir 2013/53/AE lena dtugtar aghaidh ar na buncheanglais níos déine a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, i gcomparáid le Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoir a aisghaireadh ([4]).

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 iarradh ar CEN agus Cenelec caighdeáin a athbhreithniú freisin, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Teachtaireacht 2015/C 087/01 ón gCoimisiún ([5]).

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta chun tacú le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE.

([4]) Treoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa (IO L 164, 30.6.1994, lch. 15).

([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 94/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meitheamh 1994 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le hárthaí áineasa (Foilsiú teideal caighdeán comhchuibhithe agus tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 87, 13.3.2015, lch. 1).

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 8666:2018 maidir le príomhshonraí i ndáil le hárthaí beaga, caighdeán a gcuimsítear an tagairt dó in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 ón gCoimisiún ([6]). Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN ISO 8666:2020 agus an leasú a rinneadh air, EN ISO 8666:2020/A11:2021, maidir leis na sainmhínithe ar na príomhthoisí agus na sonraí gaolmhara, na sonraíochtaí maise agus na dálaí luchtaithe i ndáil le hárthaí beaga.

(5) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 15609:2012 maidir le ceanglais suiteála i ndáil le córais tiomána gáis peitriliam leachtaithe do bháid, luaimh agus árthaí eile, caighdeán a foilsíodh le Teachtaireacht 2015/C 087/01 ón gCoimisiún. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh caighdeán comhchuibhithe EN 15609:2021.

(6) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736, dhréachtaigh CEN freisin caighdeán comhchuibhithe EN ISO 11592-2:2021 maidir le cinneadh na huasrátála cumhachta tiomána agus an luas ionramhála á úsáid i ndáil le hárthaí a bhfuil fad a gcabhlach idir 8 m agus 24 m.

(7) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin chomhchuibhithe sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8736.

(8) Comhlíonann caighdeáin EN 15609:2021, EN ISO 11592-2:2021 agus EN ISO 8666:2020 arna leasú le EN ISO 8666:2020/A11:2021 na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Threoir 2013/53/AE, agus i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeán sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Tá caighdeán EN 15609:2021 le cur in ionad chaighdeán EN 15609:2012. Tá EN ISO 8666:2020 arna leasú le caighdeán EN ISO 8666:2020/A11:2021 le cur in ionad chaighdeán EN ISO 8666:2018.

(10) Dá bhrí sin, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 15609:2012 agus EN ISO 8666:2018, is tagairtí iad is gá a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag na monaróirí a dtáirgí a chur in oiriúint do leaganacha athbhreithnithe agus leasaithe chaighdeáin chomhchuibhithe EN 15609:2012 agus EN ISO 8666:2018, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin sin a chur ar athló.

(12) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919, liostaítear tagairtí na gcaighdeán comhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2013/53/AE. Ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN ISO 15609:2021, EN ISO 8666:2020 agus an leasú a rinneadh air, EN ISO 8666:2020/A11:2021, agus EN ISO 11592-2:2021 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin. Is iomchuí freisin an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN ISO 8666:2018 a scrios ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919.

(13) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2013/53/AE ar tarraingíodh siar iad as sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 15609:2012 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 a leasú dá réir sin.

(15) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh árthaí áineasa agus árthaí uisce pearsanta a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 146, 5.6.2019, lch. 106).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/919 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Pointe (1) d'Iarscríbhinn I ón 29 Nollaig 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) scriostar iontráil 7;

(2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán |
|---|---|
| "45. | EN ISO 8666:2020<br><br>Árthaí beaga - Príomhshonraí<br>EN ISO 8666:2020/A11:2021 |
| 46. | EN 15609:2021<br><br>Trealamh agus oiriúintí GPL – Córais tiomána GPL do bháid, luaimh agusárthaí uisce eile – Ceanglais suiteála |
| 47. | EN ISO 11592-2:2021<br><br>Árthaí beaga - Cinneadh na huasrátála cumhachta tiomána agus an luas ionramhála á úsáid – Cuid 2: Árthaí a bhfuil fad a gcabhlach idir 8 m agus 24 m". |

*IARSCRÍBHINN II*

In Iarscríbhinn II, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Dáta an tarraingt siar |
|---|---|---|
| "38. | EN 15609:2012<br><br>Trealamh agus oiriúintí GPL - Córais tiomána GPL do bháid, luaimh agus árthaí eile | 29 Nollaig 2023". |

# GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH Uimh. 1/2022 ÓN GCOMHCHOISTE ARNA BHUNÚ LEIS AN GCOMHAONTÚ EITLÍOCHTA EORA-MHEÁNMHARA IDIR AN TAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS RIALTAS STÁT IOSRAEL, DEN PHÁIRT EILE

**an 13 Meitheamh 2022**

**lena n-ionadaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile [2022/1030]**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile ([1]), agus go háirithe d'Airteagal 27(6) de,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal aonair*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, ón 1 Iúil 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil agus in Tel Aviv, an 13 Meitheamh 2022.

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*Ceann Thoscaireacht an Aontais Eorpaigh*

Klaus GEIL

*Ceann Thoscaireacht Rialtas Iosrael*

Ishay DON-YEHIYA

([1]) IO L 208, 2.8.2013, lch. 3.

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN IV*

**RIALACHA A BHAINEANN LEIS AN EITLÍOCHT SHIBHIALTA**

Beidh na ceanglais agus caighdeáin rialála a bheidh coibhéiseach le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh, dá dtagraítear sa Chomhaontú seo, bunaithe ar na gníomhartha seo a leanas. I gcás inar gá, leagtar amach anseo thíos oiriúnuithe sonracha le haghaidh gach gnímh aonair. Beidh na ceanglais agus caighdeáin rialála choibhéiseacha infheidhme i gcomhréir le hIarscríbhinn VI mura sonraítear a mhalairt san Iarscríbhinn seo nó in Iarscríbhinn II maidir le Forálacha Idirthréimhseacha.

A. SÁBHÁILTEACHT NA HEITLÍOCHTA

A.1 Liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú

Déanfaidh Iosrael bearta, a luaithe agus is féidir, a chomhfhreagróidh do na bearta arna ndéanamh ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh ar bhonn liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú ar chúiseanna sábháilteachta.

Déanfar na bearta i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le liosta a bhunú agus a fhoilsiú d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le haerphaisinéirí a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra a oibríonn na heitiltí ar a dtaistealaíonn siad, arna mbunú sa reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh:

Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí a bhunú atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an aeriompróra, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, arna leasú le:

— Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1;

— Rialachán (AE) 2019/1243 an 20 Meitheamh 2019, IO L 198, 25.7.2019, lch. 241.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 13, an Iarscríbhinn

Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme don liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 84, 23.3.2006, lch. 8.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 6, Iarscríbhinní A go C

Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear liosta Comhphobail na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 84, 23.3.2006, lch. 14, de réir mar a leasaítear le Rialacháin tráthrialta ón gCoimisiún.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, Iarscríbhinní A go B

I gcás ina mbíonn beart ina chúis mhór imní d'Iosrael, féadfaidh Iosrael a chur i bhfeidhm a chur ar fionraí agus tarchuirfidh sí an t-ábhar chuig an gComhchoiste de bhun Airteagal 22(11), pointe (f), den Chomhaontú seo gan moill mhíchuí.

A.2 Imscrúdú ar thionóiscí agus teagmhais agus tuairisciú tarluithe

A.2.1: Rialachán (AE) Uimh. 996/2010

Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir le tionóiscí agus teagmhais san eitlíocht shibhialta a imscrúdú agus a chosc agus lena n-aisghairtear Treoir 94/56/CE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 295, 12.11.2010, lch. 35, arna leasú le:

— Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 an 3 Aibreán 2014, IO L 122, 24.4.2014, lch. 18;

— Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 5, Airteagail 8 go 18(2), Airteagail 20, 21, 23, Iarscríbhinn.

NB:

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1128 ón gCoimisiún an 1 Iúil 2019 maidir le cearta rochtana ar mholtaí agus freagairtí sábháilteachta a stóráiltear sa Stór Lárnach Eorpach agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2012/780/AE (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 177, 2.7.2019, lch. 112.

A.2.2: Rialachán (AE) Uimh. 376/2014

Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialacháin (CE) Uimh. 1321/2007 agus (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, arna leasú le:

— Rialachán (AE) 2018/1139 an 4 Iúil 2018, IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 7; Airteagal 9(3); Airteagal 10(2) go (4); Airteagal 11(1) agus (7); Airteagal 13, seachas mír (9); Airteagail 14 go 16; Airteagail 21 go 23; Airteagail 24(3), Iarscríbhinní I go III.

Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2034 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an gcomhscéim Eorpach um aicmiú riosca, (Téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 416, 11.12.2020, lch. 1.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1018 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2015 lena leagtar síos lena leagtar síos liosta lena n-aicmítear tarluithe san eitlíocht shibhialta atá le tuairisciú ar bhonn éigeantach de bhun Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 163, 30.6.2015, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 2, Iarscríbhinní I go V.

## B. BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA

BUNRIALACHÁIN

Roinn A:

B.1: Rialachán (CE) Uimh 549/2004

Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun Aerspás Eorpach Aonair a chruthú (an creat-Rialachán) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1(1) go 3, Airteagal 2, Airteagal 4(1) go (4), Airteagail 9, 10, Airteagal 11(1), (2), (3)(b) agus (d), (4) go (6), Airteagal 13.

Chun ceanglais Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 a chur chun feidhme, déanfaidh Iosrael scéim náisiúnta feidhmíochta a fhorbairt agus a chur ar bun lena n-áireofar:

— Spriocanna feidhmíochta náisiúnta i dtaca leis na réimsí tábhachtacha feidhmíochta a bhaineann leis an tsábháilteacht, leis an gcomhshaol, leis an toilleadh agus leis an gcostéifeachtúlacht; Socróidh sásra rialtais na spriocanna tar éis dó ionchur ón údarás maoirseachta náisiúnta a chur san áireamh;

— Plean feidhmíochta a bheidh comhsheasmhach leis na spriocanna feidhmíochta agus a mbeidh faisnéis ann maidir le hinfheistíochtaí BAT, go háirithe leo siúd a bhaineann leis an ailíniú le pleananna imlonnaithe SESAR, lena n-áirítear comhthionscadail. Is é soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta a tharraingeoidh an plean feidhmíochta suas tar éis dul i gcomhairle dó le húsáideoirí an aerspáis;

Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta measúnú ar chomhsheasmhacht an phlean feidhmíochta leis na spriocanna feidhmíochta náisiúnta agus i gcás neamhréireachta féadfaidh an t-údarás sin moladh a eisiúint chuig soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe agus bearta iomchuí a mholadh. I gcás ina gcinneann an t-údarás maoirseachta náisiúnta nach leormhaith na spriocanna feidhmíochta athbhreithnithe nó na bearta iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh go ndéanfaidh soláthraí na seirbhísí aerloingseoireachta bearta ceartaitheacha.

Is í Iosrael a chinnfidh an tréimhse thagartha don scéim feidhmíochta agus tuairisceofar an tréimhse sin don Chomhchoiste.

Déanfaidh an t-údarás maoirseachta náisiúnta measúnuithe tráthrialta ar bhaint amach na spriocanna feidhmíochta.

B.2: Rialachán (CE) Uimh 550/2004

Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san Aerspás Eorpach Aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí), (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(1), (2), agus (4) go (6), Airteagal 4, Airteagal 7(1), (2), (4) go (5), agus (7), Airteagal 8(1), (3), agus (4), Airteagail 9, 10, 11, Airteagal 12(1) go (4), Airteagal 18(1) agus (2), Iarscríbhinn II

B.3: Rialachán (CE) Uimh 551/2004

Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1, Airteagal 3a, Airteagal 4, Airteagal 6(1) go (5) agus (7), Airteagal 7(1) agus (3), Airteagal 8

B.4: Rialachán (CE) Uimh 552/2004

Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an Líonra Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta (an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 26, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, Airteagal 4(2), Airteagail 5 go 6a, Airteagal 7(1), Airteagal 8, Iarscríbhinní I go V.

*NB*: Aisghaireadh an Rialachán sin (552/2004) le Rialachán (AE) 2018/1139 le héifeacht ón 11 Meán Fómhair 2018. Beidh feidhm i gcónaí, áfach, ag Airteagail 4, 5, 6, 6a agus 7 den Rialachán sin agus ag Iarscríbhinn III agus ag Iarscríbhinn IV a ghabhann leis go dtí dáta cur i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 46 den Rialachán seo agus a mhéid a chumhdaíonn na gníomhartha sin ábhar fhorálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 552/2004, agus i gcás ar bith tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023.

Rialacháin Uimh. 549/2004 go 552/2004 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn feidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú.

B.5: Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1087 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021, IO L 236, 5.7.2021, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 40 go 54, Iarscríbhinn VIII

Roinn B:

B.2: Rialachán (CE) Uimh 550/2004

Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 10, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(3), Airteagal 7(6) agus (8), Airteagal 8(2) agus(5), Airteagal 9a(1) go (5), Airteagal 13

B.3: Rialachán (CE) Uimh 551/2004

Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le hAerspás) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 96, 31.3.2004, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009, IO L 300, 14.11.2009, lch. 34.

Forálacha ábhartha: Airteagal 3, Airteagal 6(6)

Rialacháin Uimh. 549/2004 go 552/2004 arna leasú ag Rialachán (CE) Uimh. 1070/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 d'fhonn feidhmíocht agus inbhuanaitheacht chóras eitlíochta na hEorpa a fheabhsú.

B.5: Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1087 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021, IO L 236, 5.7.2021, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 40 go 54, Iarscríbhinn VIII

RIALACHA CUR CHUN FEIDHME

Beidh na gníomhartha seo a leanas infheidhme agus ábhartha mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn VI i ndáil leis na ceanglais agus caighdeáin rialála choibhéiseacha a bhaineann leis na 'Bunrialacháin':

Soláthar seirbhísí (Rialachán (CE) Uimh. 550/2004)

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, arna leasú le:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:
  - Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12.

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1338 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2021, IO L 289, 12.8.2021, lch. 12.

Féadfaidh Iosrael a soláthraí seirbhísí meitéareolaíocha a choinneáil ina chomhlacht rialtais.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2013 maidir le comhthionscadail a shainiú, rialachas a bhunú agus dreasachtaí chun tacú le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta a shainaithint (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 123, 4.5.2013, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021, IO L 36, 2.2.2021, lch. 10

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/116 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2021 maidir le bunú Chomhthionscadal a hAon lena dtacaítear le cur chun feidhme an Mháistirphlean Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 409/2013 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 716/2014 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 36, 2.2.2021, lch. 10.

An tAerspás (Rialachán (CE) Uimh. 551/2004)

Rialachán (AE) Uimh. 255/2010 ón gCoimisiún an 25 Márta 2010 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le bainistíocht na sreibhe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 80, 26.3.2010, lch. 10, arna leasú le:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012, IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:
  - Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14,
  - Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:
    - Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1006 ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2016, IO L 165, 23.6.2016, lch. 8,
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2159 ón gCoimisiún an 20 Samhain 2017, IO L 304, 21.11.2017, lch. 45

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:

- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015, IO L 63, 6.3.2015, lch. 1,
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1185 ón gCoimisiún an 20 Iúil 2016, IO L 196, 21.7.2016, lch. 3,
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,
- Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14.

Rialachán (CE) Uimh. 2150/2005 ón gCoimisiún an 23 Nollaig 2005 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid sholúbtha aerspáis (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 342, 24.12.2005, lch. 20.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/123 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2019 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmeanna líonra bainistíochta aerthráchta (BAT) a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 28, 31.1.2019, lch. 1.

An Rialachán um Idir-Inoibritheacht (CE) Uimh. 552/2004

Rialachán (CE) Uimh. 262/2009 ón gCoimisiún an 30 Márta 2009 lena leagtar síos na ceanglais maidir le leithdháileadh comhordaithe agus úsáid cód ceistiúcháin Mhodh S le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 84, 31.3.2009, lch. 20, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2345 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2016, IO L 348, 21.12.2016, lch. 11.

Rialachán (CE) Uimh. 633/2007 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2007 lena leagtar síos na ceanglais maidir le prótacal aistrithe teachtaireachta eitilte a úsáidtear chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 146, 8.6.2007, lch. 7, arna leasú le:

— Rialachán (AE) Uimh. 283/2011 ón gCoimisiún an 22 Márta 2011, IO L 77, 23.3.2011, lch. 23.

Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2006 lena leagtar síos na ceanglais ar nósanna imeachta le haghaidh pleananna eitilte sa chéim réamheitilte le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 186, 7.7.2006, lch. 46, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012, IO L 281, 13.10.2012, lch. 1, arna leasú le:

  — Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/886 ón gCoimisiún an 26 Meitheamh 2020, IO L 205, 29.6.2020, lch. 14,

  — Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

    — Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 428/2013 ón gCoimisiún an 8 Bealtaine 2013, IO L 127, 9.5.2013, lch. 23,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2120 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2016, IO L 329, 3.12.2016, lch. 70,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/139 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2018, IO L 25, 30.1.2018, lch. 4.

Rialachán (CE) Uimh. 1032/2006 ón gCoimisiún an 6 Iúil 2006 lena leagtar síos ceanglais maidir le córais uathoibríocha le haghaidh malartú sonraí eitilte chun eitiltí a fhógairt, a chomhordú agus a aistriú idir aonaid rialaithe aerthráchta (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 186, 7.7.2006, lch. 27, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 30/2009 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009, IO L 13, 17.1.2009, lch. 20.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais ar aitheantas aerárthaigh le haghaidh faireachas le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 305, 23.11.2011, lch. 23, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/587 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020, IO L 138, 30.4.2020, lch. 1.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1207/2011 ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 lena leagtar síos na ceanglais le haghaidh feidhmíocht agus idir-inoibritheacht an fhaireachais le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 305, 23.11.2011, lch. 35, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1028/2014 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2014, IO L 284, 30.9.2014, lch. 7,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/386 ón gCoimisiún an 6 Márta 2017, IO L 59, 7.3.2017, lch. 34,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/587 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2020, IO L 138, 30.4.2020, lch. 1.

Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2009 lena leagtar síos ceanglais ar sheirbhísí nasctha sonraí le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair, (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 13, 17.1.2009, lch. 3, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/310 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2015, IO L 56, 27.2.2015, lch. 30,

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1170 ón gCoimisiún an 8 Iúil 2019, IO L 183, 9.7.2019, lch. 6,

— Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2012 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2019, IO L 312, 3.12.2019, lch. 95

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/208 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 43, 17.2.2020, lch. 72.

Glacfaidh an Comhchoiste Cinneadh maidir leis an dáta nach mór d'Iosrael ceanglais agus caighdeáin a bheidh coibhéiseach le Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 a chur i bhfeidhm uaidh. Go dtí go nglacfaidh an Comhchoiste an Cinneadh sin, measfar nach cuid den Iarscríbhinn seo Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 chun críocha na meastóireachta dá bhforáiltear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II.

Ceanglais bainistíochta aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta a eascraíonn ó Rialachán (AE) 2018/1139

Rialachán (AE) 2015/340 ón gCoimisiún an 20 Feabhra 2015 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le ceadúnais agus deimhnithe rialtóirí aerthráchta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 805/2011 ón gCoimisiún (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 63, 6.3.2015, lch. 1.

Ní cheanglófar ar Iosrael ionaid aerleighis a bhunú mar institiúidí. Díreofar an measúnú coibhéise ar na ceanglais iarbhír le haghaidh scrúdaitheoirí aerleighis agus caighdeáin leighis.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1, arna leasú le:

  — Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020, IO L 259, 10.8.2020, lch. 12.

— Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1338 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2021, IO L 289, 12.8.2021, lch. 12.

Ní cheanglófar ar Iosrael soláthraí seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta nó faireachais a bhunú a bheidh neamhspleách ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta eile, ná é a dheimhniú go neamhspleách ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí eile sin. Ag deimhniú di an tsoláthraí seirbhísí aerloingseoireachta atá freagrach freisin as seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta agus faireachais a sholáthar, fíoróidh Iosrael an gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 6 a-c de Rialachán (AE) 2017/373 agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin, agus ní cheanglófar uirthi neamhspleáchas an tsoláthraí seirbhísí cumarsáide, aerloingseoireachta agus faireachais ar sholáthraí nó ar sholáthraithe na seirbhísí aerloingseoireachta eile a fhíorú.

## C. AN COMHSHAOL

### C.1: Rialachán (AE) Uimh. 598/2014

Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le rialacha agus nósanna imeachta a bhunú i ndáil le srianta oibriúcháin atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais faoi Chur Chuige Cothrom agus lena n-aisghairtear Treoir 2002/30/CE, IO L 173, 12.6.2014, lch. 65.

Forálacha ábhartha: Airteagail 3, 4, 5, 6, 8, 10, Iarscríbhinní I agus II

Treoir 2002/49/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 a bhaineann le torann timpeallachta a mheasúnú agus a bhainistiú, IO L 189, 18.7.2002, lch. 12, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 1137/2008 an 22 Deireadh Fómhair 2008, IO L 311, 21.11.2008, lch. 1,

— Treoir (AE) 2015/996 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2015, IO L 168, 1.7.2015, lch. 1,

— Rialachán (AE) 2019/1010 an 5 Meitheamh 2019, IO L 170, 25.6.2019, lch. 115,

— Rialachán (AE) 2019/1243 an 20 Meitheamh 2019, IO L 198, 25.7.2019, lch. 241,

— Treoir (AE) 2020/367 ón gCoimisiún an 4 Márta 2020, IO L 67, 5.3.2020, lch. 132,

Forálacha ábhartha: de réir mar is gá chun Rialachán (AE) Uimh. 598/2014 a chur i bhfeidhm i gceart.

C.2: Treoir 2006/93/CE

Treoir 2006/93/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le rialáil oibríocht eitleán a chumhdaítear i gCuid II, Caibidil 3, Imleabhar 1 d'Iarscríbhinn 16 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, an dara heagrán (1988) (leagan códaithe) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 374, 27.12.2006, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 3, 5

D. DLITEANAS AN AERIOMPRÓRA

D.1: Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle

Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer, IO L 285, 17.10.1997, lch. 1, arna leasú le:

— Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 an 13 Bealtaine 2002, IO L 140, 30.5.2002, lch. 2.

Forálacha ábhartha: Airteagal 2(1)(a) agus (c) go (g), Airteagail 3 go 6

E. CEARTA NA dTOMHALTÓIRÍ AGUS COSAINT SONRAÍ PEARSANTA

E.2: Rialachán (AE) 2016/679

Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

Forálacha ábhartha: I gcás inarb ábhartha i ndáil leis an eitlíocht shibhialta.

E.3: Rialachán (CE) Uimh. 261/2004

Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 46, 17.2.2004, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagail 1 go 16

E.4: Rialachán (CE) Uimh 1107/2006

Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir leis na cearta atá ag daoine faoi mhíchumas agus daoine faoi mhíchumas luaineachta agus iad ag taisteal d'aer (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 204, 26.7.2006, lch. 1.

Forálacha ábhartha: Airteagal 1(1), Airteagail 2 go 16, Iarscríbhinní I go II.

F. GNÉITHE SÓISIALTA

F.1: Treoir 2000/79/CE ón gComhairle

Treoir 2000/79/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 a bhaineann leis an gComhaontú Eorpach maidir le Comhaontú na hEorpa um Eagrú Ama Oibre na nOibrithe Taistil san Eitlíocht Shibhialta arna thabhairt i gcrích ag Cumann Aerlínte na hEorpa (AEA), Cónaidhm Oibrithe Iompair na hEorpa (ETF), Cónaidhm Chriúnna Eitilte na hEorpa (ECA), Cumann Aerlínte Réigiúin na hEorpa (ERA) agus Cumann na nAeriompróirí Idirnáisiúnta (IACA) (téacs atá ábhartha maidir le LEE), IO L 302, 1.12.2000, lch. 57.

Forálacha ábhartha: Clásal 1(1) agus Clásail 2 go 9 den Iarscríbhinn"

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA